



**An Comhchoiste Fiosrúcháin i
dtaobh na Géarchéime
Baincéireachta**

**Joint Committee of Inquiry into
the Banking Crisis**

**TOGRA IOMCHUÍ DO NA COISTÍ UM NÓS IMEACHTA AGUS
PRIBHLÉIDÍ DE CHUID DHÁIL ÉIREANN AGUS SHEANAD ÉIREANN**

**LE hAGHAIDH FIOSRÚCHÁN A SHEOLADH DE RÉIR AN ACHTA
UM THITHE AN OIREACHTAIS (FIOSRÚCHÁIN, PRIBHLÉIDÍ AGUS
NÓSANNA IMEACHTA), 2013**

**I dTAOBH GNÉITHE ÁIRITHE DE GHÉARCHÉIM
BHAINCÉIREACHTA NA hÉIREANN**

TUARASCÁIL AN CHOMHCHOISTE

AN CLÁR ÁBHAR

- 1. FORBHREATHNÚ AN CHATHAOIRLIGH** *LEATHANACH 3*
- 2. SAINCHEISTEANNA A nDEARNA AN COMHCHOISTE BREITHNIÚ ORTHU**
LEATHANACH 5
- 3. AN TOGRA IOMCHUÍ** *LEATHANACH 12*

AGUISÍNÍ

- A. CREAT AN FHIOSRÚCHÁIN** *LEATHANACH 19*
- B. PLEAN AGUS CÉIMEANNA AN FHIOSRÚCHÁIN** *LEATHANACH 20*
- C. DRÉACHT-RÚN MAIDIR LE TÉARMAÍ TAGARTHA** *LEATHANACH 21*
- D. RÚIN CHUN ORDUITHE TAGARTHA AN CHOISTE A LEASÚ** *LEATHANACH 26*
- E. COMHALTAÍ DEN CHOMHCHOISTE AGUS CRUINNITHE AN CHOMHCHOISTE** *LEATHANACH 29*
- F. TÉACS BHUAN-ORDÚ 107C (ón Dáil) / BHUAN-ORDÚ 103H (ón Seanad)**
LEATHANACH 30

CUID 1 - FORBHREATHNÚ AN CHATHAOIRLIGH

Mar Chathaoirleach ar an gComhchoiste Fiosrúcháin i dtaobh na Géarchéime Baincéireachta, táim sásta an togra seo a chur faoi bhráid na gCoistí um Nós Imeachta agus Pribhléidí de chuid Dháil Éireann agus Sheanad Éireann lena mbreithniú.

Le hOrduithe an dá Theach¹ lenar ceapadh an Comhchoiste, cuireadh de chúram air togra iomchuí a fhorbairt le haghaidh Fiosrúcháin de chuid Chuid 2 ar ghnéithe áirithe den ghéarchéim bhaincéireachta lena chur faoi bhráid na gCoistí um Nós Imeachta agus Pribhléidí de chuid an dá Theach agus le go ndéanfaidh na Coistí sin measúnú air. Agus an togra iomchuí á fhorbairt, iarradh ar an gCoiste breithniú a dhéanamh orthu seo –

- (1) ar an raon cuí agus ar na téarmaí tagartha cuí le haghaidh an fhiosrúcháin, lena n-áirítear an modh ar ar cheart an t-imscrúdú tosaigh a dhéanamh ar an ní is ábhar don fhiosrúchán;
- (2) ar na feidhmeanna agus ar na cumhachtaí is gá a tharmligean chuig an gCoiste chun go bhféadfaidh sé an fiosrúchán a sheoladh;
- (3) ar cibé nithe gaolmhara eile a mheasann an Coiste a bheith riachtanach.

Agus an togra seo á fhorbairt, ceanglaíodh ar an gCoiste, faoi Bhuan-Orduithe, an méid seo a chinneadh, i measc nithe eile -

- an ní nó na nithe is ábhar don fhiosrúchán beartaithe,
- an t-iompar, na teagmhais, na gníomhaíochtaí, na himthosca, na córais, na cleachtais nó na nósanna imeachta le fiosrú, a mhéid is féidir,
- na daoine lena mbaineann an t-iompar nó na teagmhais sin, na gníomhaíochtaí nó na himthosca sin, nó na daoine a bhfuil a ngníomhaíochtaí, a gcórais, a gcleachtais nó a nósanna imeachta le fiosrú, agus
- an sceideal ama a bhfuiltear ag súil lena úsáid i dtaca leis an bhfiosrúchán beartaithe, lena n-áirítear cibé an le linn tréimhse aonair nó ina chéimeanna a bheartaítear an fhiosrúchán beartaithe a sheoladh.

Is maith is eol don Choiste go mbaineann ríthábhacht leis an togra seo maidir lena rathúla atá an Fiosrúchán Baincéireachta agus bhí sé an-chúramach le linn dó é a fhorbairt. Agus é ag déanamh amhlaidh, chomhaontaigh an Coiste na treoirphrionsabail seo a leanas:

- ba chóir aidhmeanna an fhiosrúcháin a bheith réadúil agus indéanta,
- ba chóir go bhféadfaí an fhiosrúchán a chur i gcrích laistigh d’amscála réadúil agus ba chóir saolré na Dála reatha agus an tSeanaid reatha a chur san áireamh ann,
- ba chóir rioscaí a íoslaghdú a mhéid is féidir,

¹ Orduithe Dháil Éireann agus Sheanad Éireann an 14 Bealtaine 2014

- ba chóir an fiosrúchán a bheith cost-éifeachtúil,
- ba chóir cuspóir soiléir a bheith aige, agus
- ba chóir é a bheith solúbtha laistigh dá fhócas agus dá raon.

Chabhraigh grúpa comhairleach ag a bhfuil eolas ábhartha agus saineolas ábhartha ar an ní is ábhar don fhiosrúchán leis an gCoiste ina chuid oibre, agus bhí na comhaltaí mar seo a leanas:

Pat Casey, Príomhoifigeach (an Roinn Airgeadais), Paul Gorecki, Cleamhnaí Taighde, an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, Megan Greene, Eacnamaí, Maverick Intelligence, Cathal Guiomard, Eacnamaí, iarChoimisinéir Eitlíochta d'Éirinn, Conor McCabe, Ánra Taighde, an Scoil um Cheartas Sóisialta, COBÁC, Colm McCarthy, Eacnamaí, Seamus McCarthy, an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste, Rafique Mottiar, Eacnamaí Comhairleach (an Banc Ceannais), agus John Shaw, Rúnaí Cúnta (Roinn an Taoisigh).

Thar ceann an Choiste, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don mhéid luachmhar a chuir an grúpa leis an mbreithniú a rinne an Coiste ar an togra iomchuí agus buíochas ó chroí a ghabháil le gach comhalta den ghrúpa as an méid suntasach ama a thug siad don phróiseas seo ar bhonn *pro bono*. Ba mhaith liom freisin mo bhuíochas a chur in iúl le Comhaltaí agus le foireann an Chomhchoiste as a gcuid oibre.

Sna cúinsí eacnamaíochta reatha, is gá go meastar fiosrúcháin pharlaiminteacha a bheith cost-éifeachtúil i gcomparáid le foirmeacha eile fiosrúcháin. Bhreithnigh an Coiste ceist na gcostas atá inchurtha go díreach i leith an Fhiosrúcháin agus tá sé tiomanta go gcoinneofar na costais a ísle is féidir. Ar mhaithe le follasacht, foilseoidh an Coiste costais reatha an fhiosrúcháin gach ráithe.

Tá sé beartaithe tuarascáil deiridh an fhiosrúcháin a fhoilsiú faoi dheireadh mhí na Samhna 2015, rud a n-adhmaíonn an Coiste gur amscála an-dúshlánach é de bharr an raoin agus an ní is ábhar a bheartaítear le haghaidh an fhiosrúcháin. Tá an Coiste tiomanta do chur chuige dírithe lena ngabhann smacht a ghlacadh maidir leis an bpróiseas fiosrúcháin agus comhaontóidh sé straitéis fianaise ag céim luath agus é mar chuspóir aige a chinntiú go seolfar an fiosrúchán ar an mbealach is éifeachtúla laistigh den am atá ar fáil agus aird á tabhairt ar an gcreat dlíthiúil.

Mar chríoch, beidh sé seo ar an gcéad Fhiosrúchán a dhéanfar faoi fhorálacha an Achta um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta), 2013. Cé gur dúshlánach a bheidh an fiosrúchán atá leagtha amach sa togra seo, creidim go bhfuil fiordheis againn a léiriú gur féidir le Tithe an Oireachtais fiosrúcháin chothroma chothromaithe a dhéanamh agus, le linn dóibh déanamh amhlaidh, gur féidir leo seirbhís phoiblí luachmhar a chur ar fáil trí fheabhas a chur ar an tuiscint atá ag an bpobal ar

theagmhais tábhachtacha ar nós na géarchéime baincéireachta, rud a d'imir tionchar chomh trom sin ar Éirinn agus ar mhuintir na hÉireann.



Ciarán Lynch, T.D,
Cathaoirleach an Chomhchoiste,
24 Meán Fómhair 2014.

CUID 2 - SAINCHEISTEANNA A nDEARNA AN COMHCHOISTE BREITHNIÚ ORTHU

1. AN RAON CUÍ LE HAGHAIDH AN FHIOSRÚCHÁIN AGUS TÉARMAÍ TAGARTHA LE HAGHAIDH AN FHIOSRÚCHÁIN

Ní fhacthas leithéid ghéarchéim bhaincéireachta na hÉireann riamh ó thaobh a scála de agus ó thaobh an tionchair a bhí aici ar an Stát de. Ní féidir cur síos a dhéanamh ar an ngéarchéim mar chliseadh simplí córas baincéireachta. Ina ionad sin, is féidir a rá gur géarchéim í a tháinig as cliseadh córasach níos leithne. Ní féidir breathnú uirthi le dearcadh amháin ach is gá an caidreamh idir na gníomhaithe éagsúla agus comhthéacs leathan a gcuid gníomhartha a chur san áireamh inti.

Is sa chomhthéacs sin a bheartaíonn an Coiste an cuspóir agus an t-ábhar seo a leanas le haghaidh an fhiosrúcháin:

“Fiosrú a dhéanamh maidir leis na cúiseanna a raibh géarchéim chórasach bhaincéireachta in Éirinn, lena n-áirítear na tosca agus na beartais i dtaobh cúrsaí polaitiúla, geilleagracha, sóisialta, cultúrtha, airgeadais agus iompraíochta, a raibh tionchar acu ar an ngéarchéim nó a chuir léi, trí imscrúdú a dhéanamh maidir le nithe iomchuí a bhaineann le córais agus cleachtais bhaincéireachta, córais agus cleachtais rialaitheacha agus mhaoirseachta, córais bainistithe géarchéime, agus freagairtí beartais agus na hathchóirithe coisctheacha a cuireadh i bhfeidhm d’aithle na géarchéime.”

Maidir le raon an fhiosrúcháin ó thaobh na tréimhse ama atá le clúdach, tá an Coiste ag beartú dáta tosaithe bunaithe ar chur i bhfeidhm éifeachtach Choinbhinsiún Basel I ag tús na bliana 1992 agus tá sé ag beartú dáta deiridh de dheireadh na bliana 2013. Ós rud é nach mór dátaí beachta a shonrú sna téarmaí tagartha arna gcomhaontú ag Tithe an Oireachtais, tá an tréimhse sin oiriúnach do chuspóir cuimsitheach agus do chuspóir sonraithe an fhiosrúcháin.

Is í an réasúnaíocht atá laistiar de Choinbhinsiún Basel I a bheartú ná gur leagadh amach ann na hathruithe ar cheanglais chaipitil do bhainc; agus, dá bhrí sin, chruthaigh sé bunús na n-athruithe a tharla i rialáil bhaincéireachta sna blianta ina dhiaidh. Is í an réasúnaíocht atá laistiar de dheireadh na bliana 2013 a bheartú ná go dtugann sé sin tréimhse leordhóthanach don Choiste chun tabhairt faoin gcuspóir sonraithe um measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na moltaí agus na n-

athchóirithe coisctheacha i dtuarascálacha roimhe sin d'aithle na géarchéime. Mar an gcéanna, tá sé tábhachtach go leanann an fiosrúchán go hiomlán cur i bhfeidhm na gcinntí beartais mar fhreagairt don ghéarchéim agus iarmhairtí na gcinntí sin d'fhonn teacht ar thuairim faoin tionchar agus faoin éifeachtacht a bhí acu, agus é ag aithint gur ábhar do Choiste/Choistí ábhartha an Oireachtais atá in imeachtaí an lae inniu ó thaobh beartais agus reachtaíochta de.

Is in **Aguisín C** atá an dréacht-Rún maidir le Téarmaí Tagartha arna bheartú ag an gCoiste.

Beartaíonn an Coiste creat coincheapúil ag a bhfuil 2 Chéim Fiosrúcháin leithleacha, is iad sin, Céim Chomhthéacs agus Céim Naisc, le haghaidh an fhiosrúcháin. Is in **Aguisín A** atá an creat arna bheartú ag an gCoiste leagtha amach. Déantar cur síos ann ar chuspóir an fhiosrúcháin, ar an gcur chuige dhá chéim a mholtar agus ar na bearta sa dá chéim. Tá Plean agus Céimeanna an Fhiosrúcháin leagtha amach in **Aguisín B**.

Céim an Fhiosrúcháin: An Comhthéacs

Tá sé mar chuspóir ag an gcéim seo an comhthéacs leathan don fhiosrúchán a cheapadh agus tosca na géarchéime baincéireachta a leagan amach, mar aon leis an mbealach a réiteach do thuilleadh éisteachtaí poiblí níos déanaí sa bhliain 2015. Treoirphrionsabal amháin is ea go ndéanann tuarascáil an fhiosrúcháin faisnéis nua a aimsiú agus a cheangal agus go dtugann sí comhthéacs leathan do thorthaí na dtuarascálacha atá ann cheana.

Is éard a bheidh sa chéim sin ná cruinnithe faisnéise teicniúla don Choiste sna réimsí seo: iasachtú bainc agus bainistíocht leachtaíochta, neamhchosaintí morgáiste agus cineál, costas agus raon an chinnidh ráthaíochta. Cinnteoidh sé sin go dtabharfar faisnéis iomlán do chomhaltaí maidir le príomh-shaincheisteanna teicniúla. Dá éis sin, tabharfar faoi éisteachtaí poiblí le finnítithe ábhartha chun críche faisnéis a bhailiú chun eolas a dhéanamh do Chéim an Naisc. Tar éis Chéim an Chomhthéacs, foilseoidh an Coiste tuarascáil eatramhach a fhéadann a bheith mar bhonn don Chaibidil/do na Caibidlí réamhráiteach(a)/comhthéacs den tuarascáil deiridh.

Céim an Fhiosrúcháin: An Nasc

Tá sé mar chuspóir ag an gcéim seo sainaitheint a dhéanamh ar na heochaircheisteanna a dtabharfar aghaidh orthu sna héisteachtaí poiblí agus i dtuarascáil an fhiosrúcháin; soláthar na fianaise ábhartha (fianaise i scríbhinn agus fianaise ó bhéal) a shainaithint agus a threorú ar an mbonn sin, an fhianaise ar fad a

anailsiú agus tuairisc a thabhairt ar an anailís sin i riocht tuarascáil deiridh. Baineann trí ghné leathana leis an ní is ábhar don chéim seo:

- Córais agus Cleachtais Bhaincéireachta,
- Córais agus Cleachtais Rialaitheacha agus Mhaoirseachta, agus
- Córais bhainistithe géarchéime agus freagairtí beartais.

Beidh trí bheart i gceist leis an gcéim seo: (1) próiseas imscrúdaithe, (2) éisteachtaí poiblí agus (3) tuarascáil deiridh.

2. AN MODH AR AR CHEART AN tIMSCRÚDÚ TOSAIGH A DHÉANAMH AR AN NÍ IS ÁBHAR DON FHIOSRÚCHÁN

Le linn Chéim an Chomhthéacs, buailfidh an Coiste le finnétithe ábhartha chun eolas a dhéanamh do Chéim an Naisc. Beidh údair na dtuarascálacha roimhe i measc na bhfinnétithe sin d'fhonn a bhfionnachtana a phlé agus d'fhonn le go n-éistfear lena gcuid tuairimí faoi na hathruithe a rinneadh/faoi na laigí atá ann fós. Déanfaidh an Coiste breithniú ar thuarascálacha ó ghníomhaireachtaí idirnáisiúnta faireacháin maidir leis an ní is ábhar don fhiosrúchán, ar chaidrimh idir údaráis Stáit, páirtithe polaitíochta, ionadaithe tofa, údaráis mhaoirseachta, forais bhaincéireachta agus an earnáil maoiné, agus ar ról na meán cumarsáide. Chomh maith leis sin, déanfaidh sé teagmháil le daoine ábhartha, lena n-áirítear iad siúd a thug rabhaidh nó a chuir tuairimí in iúl nach raibh ag teacht leis na tuairimí coitianta a bhí ann ag an am.

Áireofar le Céim an Naisc próiseas imscrúdaithe ullmhúcháin a bheidh ar siúl i gcomhthráth le Céim an Chomhthéacs agus leanfar ar aghaidh léi le taobh éisteachtaí poiblí. Beidh an-chuid oibre i gceist leis an bhfianaise i scríbhinn a shainaithe, a bhailiú, a athbhreithniú agus a anailsiú chun a bheith mar bhonn agus thaca ag na héisteachtaí poiblí sa chéim seo. Dá bhrí sin, éileoidh an Coiste tacaíocht ó roinnt daoine ag a bhfuil saineolas ábhartha ar bhaincéireacht, ar sheirbhísí airgeadais, ar rialáil, ar rialachas, etc². Tá sé beartaithe go n-oibreoidh na daoine sin i bhfoirne imscrúdúcháin thar ceann an Choiste agus i ndlúthchomhairle leis an gCoiste, a dtabharfar faisnéis dó faoin dul chun cinn ar bhonn rialta (mar shampla, ní mór don Choiste eisiúint na dtreoracha go léir lena lorgaítear fianaise a fhorghas). Ós rud é go leanfar leis an bpróiseas imscrúdaithe i gcomhthráth le Céim an Chomhthéacs, beidh sé tábhachtach bealaí maithe cumarsáide a choinneáil leis an bhfoireann imscrúdúcháin maidir le buncheisteanna a thagann aníos i gCéim an Chomhthéacs.

Is mar seo a leanas atá na príomhbhearta sa phróiseas imscrúdaithe:

² Tá formheas Choimisiún Thithe an Oireachtais ag teastáil faoi alt 67(2) d'Acht 2013 d'fhonn saineolas teicniúil a earcú, agus tá formheas na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag teastáil freisin i dtaca le pá, téarmaí agus coinníollacha fhostaithe an Choimisiúin (lena n-áirítear iad siúd ar chonradh ar théarma seasta).

- Na príomh-shaincheisteanna le fiosrú laistigh de gach córas a shainithint (i.e. baincéireacht; rialáil agus maoirseacht; agus bainistiú géarchéime agus freagairtí beartais)
- Na cineálacha fianaise i scríbhinn atá ag teastáil a shainithint agus fógraí lena n-eisiúint ag an gCoiste a dhréachtú. Teagmháil a dhéanamh le soláthraithe fianaise agus leis an bhfoireann dlí chun treoracha le haghaidh fianaise i scríbhinn a shoiléiriú agus a thabhairt chun críche.
- Fianaise a fháil agus catagóiriú ar an gcóras bainistíochta doiciméad.
- Tuarascáil scóipe a ullmhú d'éisteachtaí ó bhéal ar bhonn anailíse lena sainithnítear bearnaí faisnéise a dtabharfar aghaidh orthu agus an liosta finnéithe á cheistiú agus á mholadh.
- An fhianaise ar fad arna fáil a athbhreithniú agus a anailísiú, bearnaí faisnéise a shainithint agus treoracha breise a eisiúint más gá.

3. NA FEIDHMEANNA AGUS NA CUMHACHTAÍ IS GÁ A THARMLIGEAN CHUIG AN gCOMHCHOISTE CHUN GO bhFÉADFAIDH SÉ AN FIOSRÚCHÁN A SHEOLADH

Éilíonn an Coiste na cumhachtaí seo a leanas faoi Bhuan-Orduithe chun go bhféadfaidh sé an fiosrúchán a sheoladh:

- an chumhacht chun fianaise ó bhéal agus fianaise i scríbhinn a ghlacadh agus miontuairiscí ar fhianaise a ghlahtar go poiblí (agus doiciméid ghaolmhara) a chló agus a fhoilsiú; **Buan-Ordú 83(1) ón Dáil; Buan-Ordú 71(1) ón Seanad.**
- an chumhacht chun aighneachtaí i scríbhinn a iarraidh, agus chun glacadh leo, ó dhaoine leasmhara nó ó chomhlachtaí leasmhara: **Buan-Ordú 83(2) ón Dáil; Buan-Ordú 71(2) ón Seanad.**
- an chumhacht chun fios a chur ar dhaoine nó chun fios a chur i ndáil le páipéir agus taifid: **Buan-Ordú 83 (2A) ón Dáil; Buan-Ordú 71 (2A) ón Seanad.**
- an chumhacht chun fochoistí a cheapadh agus chun cúrsaí a tharchur chucu agus chun cumhachtaí a tharmligean chucu: **Buan-Ordú 83(3) ón Dáil; Buan-Ordú 71 (3) ón Seanad.**
- an chumhacht chun moltaí a dhréachtú le haghaidh athrú reachtach agus le haghaidh reachtaíocht nua: **Buan-Ordú 83(4) ón Dáil; Buan-Ordú 71(4) ón Seanad.**
- an chumhacht chun ceangal a chur ar Aire nó ar Aire Stáit freastal ar chruinniú le plé a dhéanamh ar bheartas a bhfuil freagracht oifigiúil air/uirthi as: **Buan-Ordú 83(5) ón Dáil; Buan-Ordú 71(5) ón Seanad.**
- an chumhacht chun ceangal a chur ar shealbhóirí oifige i ngníomhaireachtaí Stáit nó i gcomhlachtaí Stáit freastal ar chruinniú leis na freagrachtaí oifigiúla atá orthu a phlé: **Buan-Ordú 83(7) ón Dáil; Buan-Ordú 71(7) ón Seanad.**

- an chumhacht chun eolas speisialtóra nó eolas teicniúil a úsáid, faoi réir thoiliú Choimisiún Thithe an Oireachtais: **Buan-Ordú 83(8) ón Dáil; Buan-Ordú 71(8) ón Seanad.**
- an chumhacht chun taisteal, faoi réir mholtaí an Ghrúpa Oibre um Chathaoirligh Choiste agus faoi réir thoiliú Choimisiún Thithe an Oireachtais: **Buan-Ordú 83(9) ón Dáil; Buan-Ordú 71(9) ón Seanad.**

4. NITHE GAOLMHARA EILE A MHEASANN AN COISTE A BHEITH RIACHTANACH

Bhreithnigh an Coiste na rioscaí agus na srianta a bhaineann leis an bhFiosrúchán agus leagann sé béim ar na nithe seo a leanas go háirithe.

(a) Acht an Bhainc Cheannais, 1942 (arna leasú)

Le halt 33AK d’Acht an Bhainc Cheannais, 1942 (arna leasú), cuirtear toirmeasc ar aicmí liostaithe daoine laistigh den Bhanc Ceannais faisnéis áirithe faoi rún a nochtadh. D’fhéadfadh an t-alt sin a bheith ina fhadhb, dá bhrí sin, don Fhiosrúchán baincéireachta nuair a iarrann sé an fhaisnéis sin, a d’fhéadfadh bheith ríthábhachtach maidir le dul chun cinn an Fhiosrúcháin i roinnt mhaith cásanna. Tar éis comhairle dlí a fháil faoin ábhar sin, tá an Coiste den tuairim gur gá alt 33AK a leasú chun an tsaincheist sin a shárú agus chun nochtadh a cheadú d’fhiosrúcháin parlaiminteacha. Chomh maith leis sin, beidh sé riachtanach leasuithe coimhdeacha a dhéanamh ar an Acht um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta) 2013 agus ar na Buan-Orduithe ó Dháil Éireann agus ó Sheanad Éireann chun próiseas a chur i bhfeidhm don dóigh a ndéileálfadh Tithe an Oireachtais le faisnéis faoi rún agus chun smachtbhannaí a chur ar fáil do Chomhaltaí agus do bhaill foirne a nochtann an fhaisnéis sin gan údarú.

(b) Braistint claonta

Tá an deis ag aon duine aighneacht a dhéanamh chuig an gCoiste um Nós Imeachta agus Pribhléidí lena n-éilítear go bhféadfadh braistint claonta teacht aníos i nduine réasúnach i dtaca le comhalta arna cheapadh chun páirt a ghlacadh i bhFiosrúchán de chuid Chuid 2, rud a bhféadfaí an comhalta sin a bhaint den Choiste agus an Fiosrúchán a chur i gcontúirt dá bharr sa deireadh. Dá bhrí sin, ba cheart do Chomhaltaí den Choiste bheith cúramach ó thaobh caint phoiblí agus iompair de le linn an fhiosrúcháin, lena n-áirítear éisteachtaí poiblí.

(c) Imeachtaí Coiriúla agus Imscrúduithe Coiriúla

Ní féidir leis an gCoiste fianaise a ordú más rud é go bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach go ndéanfaí an fhianaise nó an doiciméad, sa chás go dtabharfaí dó í, dochar d’aon imeachtaí coiriúla atá ar feitheamh nó ar bun sa Stát nó d’aon imscrúduithe cóireála atá á ndéanamh sa Stát faoi láthair³.

Ós rud é gurb ann d’imeachtaí coiriúla leanúnacha agus d’imeachtaí coiriúla ionchasacha breise maidir le cuid den ní is ábhar féideartha don fhiosrúchán, d’fhéadfadh sé sin a bheith ina fhadhb ar leith. D’fhéadfadh imeachtaí coiriúla leanúnacha dul i bhfeidhm freisin ar an bhfaisnéis is féidir a chur san áireamh sa deireadh in aon tuarascáil. Déanfaidh an Coiste teagmháil ar bhonn leanúnach leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus le hOifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach sa chomhthéacs sin.

(d) Rúndacht Comh-aireachta

Déantar foráil do rúndacht Comh-aireachta in Airteagal 28.4.3 den Bhunreacht agus is oibleagáid cheangailteach í nach féidir le comhaltaí aonair den Rialtas nó le Rialtas ina dhiaidh í a tharscaoileadh.

Tá imní ar an gCoiste go bhféadfadh rúndacht Comh-aireachta agus na forálacha den Acht a bhaineann léi⁴ srianadh a chur leis an méid a fhéadfaidh an Coiste nithe áirithe atá ábhartha don Fhiosrúchán a bhreithniú. Cé go gcosnaíonn rúndacht Comh-aireachta ábhar agus sonraí na ndíospóireachtaí ag cruinnithe an Rialtais, is deimhin leis an gCoiste, tar éis comhairle dlí a fháil, nach leathnaíonn sí go dtí na cinntí iarbhír arna ndéanamh ná go dtí an fhianaise dhoiciméadach arna húsáid chun teacht ar an gcinneadh. Ar an dul céanna, ní chlúdaíonn rúndacht Comh-aireachta doiciméid a cruthaíodh chun críche eile agus ar bhain an Chomh-aireacht úsáid astu agus a cinneadh á dhéanamh aici.

(e) Dea-chlú daoine aonair a chosaint

Ní dhéanfaidh an Coiste droch-chinntí fíorais seachas de réir an dlí. Oibreoidh an Coiste go dlúth lena chomhairleoirí dlí chun a chinntiú go ngníomhóidh sé de réir an dlí i gcónaí.

(f) Lánscore na Dála roimh chur i gcrích an Fhiosrúcháin

³ Alt 71(1)(c)

⁴ Le hailt 71(1)(a) agus (b), toirmisctear an t-ordú fianaise nó doiciméid a bheadh á gcosaint go ginearálta ag rúndacht Comh-aireachta. Is leithne an toirmeasc sna fo-ailt sin ná rúndacht Comh-aireachta sa mhéid go dtoirmisceann siad an t-ordú fianaise nó doiciméid ó chruinnithe coiste áirithe den Rialtas freisin.

Agus é aireach gurb é Márta 2016 an dáta is déanaí le haghaidh lánscore na Dála reatha, de réir an dlí, agus go lánscoireann aon fhiosrúchán atá ar siúl tráth lánscore na Dála go huathoibríoch agus nach féidir leis tuairisc a thabhairt dá éis, thug an Coiste tiomantas dá thuarascáil deiridh a fhoilsiú tráth nach déanaí ná an 30 Samhain 2015. Ina theannta sin, breithneoidh an Coiste an fhéidearthacht a bhaineann le tuarascálacha eatramhacha a fhoilsiú ag eochairphointí sa phróiseas (mar shampla, tar éis mhodúl an chomhthéacs).

Ní féidir pleanáil a dhéanamh i leith lánscore gan choinne. Mar sin féin, foilseofar gach éisteacht poiblí de chuid an Choiste i dTuairisc Oifigiúil na nDíospóireachtaí, mar is amhlaidh do na Tithe agus go gach Coiste agus, mar sin de, cuirfear an fhianaise ó bhéal arna glacadh sa taifead poiblí de réir mar a théann an fiosrúchán ar aghaidh.

(g) Raon an fhiosrúcháin, ag tabhairt aird ar mhéid an Choiste, ar líon na bhfinnéithe agus ar an am atá ar fáil

Comhaontóidh an Coiste straitéis fianaise ag céim luath i gcomhairle leis an bhfoireann imscrúdaithe a luaite is atá sí i bhfeidhm agus mar chuid de mhionphleanáil fiosrúcháin. Beidh sé mar chuspóir aici a chinntiú go seolfar an fiosrúchán ar an mbealach is éifeachtúla laistigh den am atá ar fáil agus aird á tabhairt ar an gcreat dlíthiúil. Mar chuid den straitéis sin, d'fhéadfadh an Coiste úsáid a bhaint as roinnt meicníochtaí le glacadh fianaise a athchóiriú chun éifeachta, amhail príomhcheistitheoirí a ainmniú le haghaidh fianaise ó bhéal a ghlacadh agus úsáid a bhaint as ráitis finné i scríbhinn agus as agarcheistean de réir mar is cuí. Scrúdóidh foireann dlí an Choiste na saincheistean a bhaineann le cé acu a d'fhéadfadh, nó nach bhféadfadh, fochoiste/fochoistí den Choiste Fiosrúcháin cuid den obair fiosrúcháin a dhéanamh.

(h) Próiseas imscrúdaithe ullmhúcháin a bheith mar bhonn agus thaca ag fiosrúcháin parlaiminteacha

Eochairghné d'fhiosrúchán parlaiminteach a sheoltar faoin Acht is ea an próiseas imscrúdaithe ullmhúcháin d'fhonn fianaise i scríbhinn a shainaithint, a bhailiú, a athbhreithniú agus a anailísiú le go bhfuil sé mar bhonn agus thaca ag na héisteachtaí poiblí. I gcás fiosrúcháin chasta ar nós an fhiosrúcháin reatha, chabhródh sé go mór dá mbeadh struchtúr soiléir dlí ar fáil le haghaidh imscrúdú a dhéanamh, go háirithe dá gceadófaí tascanna áirithe a tharmligean chuig fochoiste nó chuig imscrúdaitheoir speisialta. Faoi láthair, ní dhéantar an próiseas imscrúdaitheach tábhachtach sin a aithint ná a éascú go leordhóthanach leis an Acht um Fhiosrúcháin.⁵ Mar thoradh ar

⁵ Is í an t-aon eisceacht amháin ná an chumhacht in alt 67(2) chun duine ag a bhfuil eolas teicniúil nó saineolas teicniúil a fhostú.

an tréimhse theoranta atá ar fáil chun an fiosrúchán a sheoladh agus mar thoradh ar an ngá le gabháil don phróiseas imscrúdaitheach láithreach tar éis an Rún maidir le Téarmaí Tagartha a chomhaontú, níl an Coiste ag iarraidh leasuithe reachtaíochta le haghaidh an fhiosrúcháin reatha. Molfaidh an Coiste leasuithe cuí ar an Acht um Fhiosrúcháin, áfach, chun struchtúr soiléir a chur i bhfeidhm le haghaidh imscrúduithe sa todhchaí de bharr na taití atá aige ar an bhfiosrúchán reatha.

CUID 3 - TOGRA IOMCHUÍ

Leis na hOrduithe lenar bunaíodh an Comhchoiste, ceanglaítear air togra iomchuí a fhorbairt le haghaidh 'Fiosrúchán de chuid Chuid 2' a sheoladh i dtaobh gnéithe áirithe den ghéarchéim bhaincéireachta lena chur faoi bhráid an Choiste um Nós Imeachta agus Pribhléidí de chuid an dá Theach agus le go ndéanfaidh an Coiste sin measúnú air faoi Bhuan-Ordú **107B** agus faoi Bhuan-Ordú **107D**⁶. Le Buan-Ordú **107C**⁷, tá sé ina cheangal go ndéanann togra den chineál sin aghaidh a thabhairt ar na nithe atá leagtha amach thíos nó iad a chuimsiú, a mhéid is indéanta:

- **An cineál fiosrúcháin de chuid Chuid 2 atá beartaithe de bhun ailt 7 go 11, go huile, den Acht um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta) 2013**

Tá sé beartaithe fiosrúchán de chuid Chuid 2 a sheoladh de bhun alt 7 d'Acht 2013.

- **An ní nó na nithe is ábhar don fhiosrúchán beartaithe, chun a shonrú, a mhéid is indéanta, an t-iompar, na teagmhais, na gníomhaíochtaí, na himthosca, na córais, na cleachtais nó na nósanna imeachta a bheidh le fiosrú**

Tá an ní is ábhar leagtha amach sa dréacht-Rún maidir le Téarmaí Tagartha (Cuid A den Sceideal) in **Aguisín C**. Tá sé beartaithe [i mír (9)] go bhféadfaí fiosrú a dhéanamh i dtaobh nithe lasmuigh de na nithe sin atá sonraithe sa chás go mbaineann siad le díriú foriomlán an fhiosrúcháin mar atá leagtha amach i mír **2** agus i mír **3**. Tá an ní is ábhar curtha in iúl an athuair thíos ar mhaithe le tagairt dó a éascú.

Tábla 1: An ní is ábhar do Chéim an Fhiosrúcháin

Iompar, teagmhais, gníomhaíochtaí, imthosca, córais, cleachtais, nósanna imeachta a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

An Comhthéacs

1. Fionnachtana agus moltaí tuarascálacha roimhe seo ar ghéarchéim bhaincéireachta na hÉireann.
2. An comhthéacs idirnáisiúnta, comhthéacs AE agus an comhthéacs a bhaineann le beartas baile, lena n-áirítear príomhchinntí tuarascálacha ó ghníomhaireachtaí idirnáisiúnta faireacháin.
3. Caidrimh idir údaráis Stáit, páirtithe polaitíochta, ionadaithe tofa, údaráis mhaoirseachta, forais bhaincéireachta agus an earnáil maoinne.

⁶ Baineann Buan-Ordú 103G agus Buan-Ordú 103I ó Sheanad Éireann leis

⁷ Baineann Buan-Ordú 103H ó Sheanad Éireann leis

4. Réamhrabhadh, tuairimí éagsúla agus contrártha.

5. Ról na meán cumarsáide.

Córais agus cleachtais bhaincéireachta

6. Rialachas Corparáideach agus an tSamhail Ghnó.

7. Beartas Iasachta agus Rialú Creidmheasa.

8. Bainistiú Priacal (lena n-áirítear Iniúchadh Inmheánach, Coistí Iniúchta).

9. Bainistiú Cistithe agus Leachtaíochta.

10. Tuarascálacha agus Cumarsáidí maidir le hIniúchadh Seachtrach.

11. Luach saothair an Bhoird agus na bhfeidhmeannach.

Córais agus cleachtais Rialaitheacha agus Mhaoirseachta

12. Struchtúr agus seoladh Córas Rialaitheach agus Maoirseachta.

13. Faireachán agus maoirseacht ar an Tionscal Airgeadais, lena n-áirítear forfheidhmiú.

14. Ról an Bhainc Ceannais, lena n-áirítear Cobhsaíocht Airgeadais.

15. Ról na Roinne Airgeadais.

16. Ról agus tionchar Eagraíochtaí Idirnáisiúnta.

17. Ról Thithe an Oireachtais.

Córais bhainistithe géarchéime agus freagairtí beartais

18. Socruithe Bainistithe Géarchéime sa tréimhse díreach roimh an mbreith i dtaobh Ráthaíochta agus dá éis sin.

19. Breith an 30 Meán Fómhair 2008 i dtaobh Ráthaíocht Bainc, lena n-áirítear sa tréimhse díreach roimpi agus na breitheanna a tugadh maidir lena cur i ngníomh dá éis sin.

20. Freagairtí díreacha beartais don ghéarchéim, lena n-áirítear an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, náisiúnú bainc, athchaipitliú, úsáid an Chúnamh Leachtaíochta Éigeandála, Leachtú Speisialta CÉRB, saincheist na nótaí gealltanais agus clár cúnaimh AE-CAI.

21. Bearta reachtacha agus rialaitheacha – náisiúnta agus AE – a rinneadh ó bhí an ghéarchéim ann, go háirithe maidir le réiteach bainc agus le tosaíocht creidiúnaithe.

22. Tionchar na géarchéime baincéireachta ar chreidiúnaithe bainc, lena n-áirítear aon iarrachtaí chun comhroinnt ualaigh a bhaint amach le creidiúnaithe agus ról agus tionchar an Bhainc Ceannais Eorpaigh maidir leis an tsaincheist arb éard í comhroinnt ualaigh le creidiúnaithe.

- **Chun a shonrú, a mhéid is indéanta, na daoine lena mbaineann an t-iompar nó na teagmhais sin, na gníomhaíochtaí nó na himthosca sin, nó na daoine a bhfuil a ngníomhaíochtaí, a gcórais, a gcleachtais nó a nósanna imeachta le fiosrú**

Tá aicmí daoine le fiosrú leagtha amach sa dréacht-Rún maidir le Téarmaí Tagartha (Cuid B den Sceideal) in **Aguisín C**. Tá sé beartaithe [i mír (9)] go bhféadfaí fiosrú a dhéanamh i dtaobh daoine lasmuigh de na daoine sin atá sonraithe sa chás go mbaineann siad le díriú foriomlán an fhiosrúcháin mar atá leagtha amach i **mír 2 agus i mír 3**. Tá an chuid ábhartha den sceideal curtha in iúl an athuair thíos ar mhaithe le tagairt dó a éascú.

Tábla 2: Aicmí daoine lena mbaineann an ní is ábhar i dTábla 1⁸

1. Daoine⁹ atá ar fostú nó ar conradh ag –
 - (a) forais chreidmheasa a shonraítear le hOrdú ón Aire Airgeadais de bhun alt 6 den Acht um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) 2008, lena n-áirítear: Cathaoirligh, Príomhfheidhmeannaigh, comhaltaí boird, agus feidhmeannaigh agus comhairleoirí iomchuí eile, ach gan a bheith teoranta dóibh sin;
 - (b) forais chreidmheasa eile arna gceadúnú ag an mBanc Ceannais oibriú laistigh den Stát, lena n-áirítear: Cathaoirligh, Príomhfheidhmeannaigh, comhaltaí boird, agus feidhmeannaigh agus comhairleoirí iomchuí eile, ach gan a bheith teoranta dóibh sin.
2. Daoine a fuair iasachtaí tráchtála, lena n-áirítear le haghaidh maoin tráchtála, ó na forais chreidmheasa a thagann faoi réim an Sceidil seo.
3. Iniúchóirí seachtracha le haghaidh forais chreidmheasa a thagann faoi réim an Sceidil seo.
4. An Banc Ceannais: Gobharnóirí, Stiúrthóirí, Ard-Stiúrthóirí, Stiúrthóirí Críonnachta, comhaltaí boird, bainisteoirí agus comhairleoirí iomchuí.
5. Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann /An Rialtóir Airgeadais: Cathaoirligh, Príomhfheidhmeannaigh, comhaltaí den Údarás, agus bainisteoirí agus comhairleoirí iomchuí.
6. Comhaltaí den Bhuanghrúpa Baile¹⁰.
7. An Chomh-Aireacht¹¹: Comhaltaí den Chomh-Aireacht, Ard-Aighní, agus comhairleoirí don Rialtas.
8. Roinn an Taoisigh: Ard-Rúnaithe, Rúnaithe Cúnta iomchuí, oifigigh iomchuí eile agus comhairleoirí speisialta.
9. An Roinn Airgeadais: Ard-Rúnaithe, Fo-Rúnaithe, Rúnaithe Cúnta iomchuí, oifigigh iomchuí eile agus comhairleoirí speisialta.
10. Comhaltaí de Thithe an Oireachtais, comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa agus comhaltaí d'údaráis áitiúla.
11. Páirtithe Polaitíochta: Ard-Rúnaithe, Oifigigh ar leibhéal náisiúnta agus oifigigh iomchuí eile.
12. An Banc Ceannais Eorpach: An tUachtarán agus oifigigh iomchuí.
13. ECOFIN agus a chomhchomhlachtaí, lena n-áirítear an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais¹⁰, ach gan a bheith teoranta dó sin.
14. Daoine iomchuí atá ar fostú nó ar conradh ag an gCoimisiún Eorpach.
15. Daoine iomchuí faoi réim sásraí cuspóra speisialta chun déileáil leis an ngéarchéim ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear an tSaoráid Chobhsaíochta Airgeadais Eorpach (SaorCAE) agus an Sásra Cobhsaíochta Eorpach (SCE), ach gan a bheith teoranta dóibh sin.
16. Daoine iomchuí atá ar fostú nó ar conradh ag an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta.
17. An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní: An Cathaoirleach, an

⁸ D'fhonn amhras a sheachaint, tá na haicmí daoine atá liostaithe faoi réir an phrionsabail ghinearálta nach nglaofar mar fhinné aon duine in aon eagraíocht atá liostaithe i gcás nach mbaineann siad le hábhar an fhiosrúcháin. Ina theannta sin, ba cheart a léirmhíniú go gcuimsítear leis na haicmí agus na daoine atá luaite sa liosta seo aon daoine atá ar iasacht nó atá in aon chineál eile d'fhostaíocht neamhthipiciúil maidir leis an ról nó eagraíocht atá i gceist agus aon daoine a bhí sa ról nó eagraíocht sin roimhe laistigh de thréimhse ama an fhiosrúcháin (is é sin, 1.1.1992 go 31.12.2013).

⁹ Go háirithe, faoi réir alt 71 (c) den Acht um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta) 2013.

¹⁰ Féadfaidh sé sin forluí le daoine atá luaite i míreanna 4, 5 agus 9.

¹¹ Go háirithe, faoi réir alt 71 (a) agus (b) den Acht um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta) 2013.

Príomhfheidhmeannach agus oifigigh iomchuí eile.

18. Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta: An Príomhfheidhmeannach agus oifigigh iomchuí eile.
19. An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean: An Príomhfheidhmeannach agus oifigigh iomchuí eile.
20. Daoine a léirigh tuairimí éagsúla nó contrártha, lena n-áirítear daoine a bhí ar fostú nó ar conradh ag na forais chreidmheasa a thagann faoi réim an Sceidil seo, ag an mBanc Ceannais, ag Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann/ag an Rialtóir Airgeadais agus ag an Roinn Airgeadais.
21. Na Meáin Chumarsáide: Eagarthóirí Sinsearacha, Comhaltaí Boird agus Rialaitheoirí Airgeadais in eagraíochtaí meán cumarsáide.
22. Sealbhóirí Sóisearacha agus Sinsearacha Bannaí de chuid forais chreidmheasa a thagann faoi réim an Sceidil seo.
23. Aon daoine iomchuí eile, go heisiatach i gcás go measfaidh an Comhchoiste go mbaineann na daoine sin go díreach le hábhar an fhiosrúcháin, agus sa chás sin amháin.

- **Chun a shonrú, a mhéid is indéanta, na dátaí ar tharla, nó na tréimhsí ar lena linn ar tharla an t-iompar nó na teagmhais, ná dátaí a gabhadh de láimh nó na tréimhsí ar lena linn a gabhadh de láimh na gníomhaíochtaí, na dátaí a d’eascair nó na tréimhsí ar lena linn a d’eascair na himthosca, nó na dátaí a bhí, nó na tréimhsí ar lena linn a bhí na córais, na cleachtais nó na nósanna imeachta i ngníomh**

Is í an tréimhse ama a bheartaítear le haghaidh an fhiosrúcháin an 1 Eanáir 1992 go dtí an 31 Nollaig 2013.

- **Chun a shonrú, a mhéid is indéanta, an áit nó an ceantar inar tharla an t-iompar nó na teagmhais, inar gabhadh de láimh na gníomhaíochtaí, inar eascair na himthosca, nó ina raibh na córais, na cleachtais nó na nósanna imeachta i ngníomh**

Is é an tAontas Eorpach agus dlínsí iomchuí eile an suíomh atá beartaithe chun críocha an fhiosrúcháin.

- **An amhlaidh go mbaineann an ní nó na nithe le feidhm de chuid na Dála**

Is ábhartha do ról dhá theach Thithe an Oireachtais i reachtaíocht ábhartha a achtú le linn na tréimhse ama beartaithe é an ní is ábhar.

- **An chúis gur chóir gurbh ábhar d’fhiosrúchán de chuid Chuid 2 an ní nó na nithe, seachas é nó iad a scrúdú trí fhoirmeacha eile d’imscrúdú parlaiminteach**

San iomlán, is iad raon agus castacht an ní is ábhar don fhiosrúchán seo - is é sin, an ghéarcheim bhaincéireachta - a fhágann gur cuí go bhfuil sé ar an ní is ábhar d’fhiosrúchán parlaiminteach in ionad é a bheith ar an ní is ábhar d’imscrúdú arna dhéanamh ag coiste i “ngnó eile coiste”.

Leis an Acht um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta) 2013, cuirtear oibleagáidí áirithe ar an gCoiste agus déantar foráil do chearta d’fhinnéithe freisin. Go háirithe, tá forálacha soiléire láidre i gCuid 3 den Acht lena ndéantar foráil do nósanna

imeachta cothroma le linn Fiosrúchán de chuid Chuid 2 a stiúradh. Tháinig an ghéarchéim bhaincéireachta as cinntí a dhéantaí go príobháideach go minic agus bhain Comhaltaí den Oireachtas le roinnt de na cinntí sin. Tá an Coiste den tuairim, dá bhrí sin, go bhfuil sé antábhachtach, ó thaobh bhraistint an phobail de, go bhfeictear go bhfuil an t-imscrúdú follasach agus go seoltar é gan chlaonadh. Trí Fhiosrúchán de chuid Chuid 2 a sheoladh, cinntítear gur i bhfeidhm atá forálacha lena bhforáiltear toimhde go gcuirtear imeachtaí ar siúl go poiblí¹² agus nach mór do chomhaltaí bheith neamhchlaonta¹³.

Is ann don iomad forálacha reachtúla eile faoin Acht um Fhiosrúcháin nach dtagann in éifeacht ach i gcomhthéacs Fiosrúcháin de chuid Chuid 2. Tugann na forálacha sin cumhachtaí áirithe don Choiste agus cuireann siad oibleagáidí áirithe ar fhinnéithe a mbaineann tábhacht ar leith leo mar thoradh ar an ní is ábhar don fhiosrúchán seo. Mar shampla, de bharr chineál an-íogair an fhiosrúcháin bhaincéireachta, is dóchúil nár mhaith le roinnt finnéithe comhoibriú le haon fhiosrúchán parlaiminteach. Má sheolann an Coiste seo Fiosrúchán de chuid Chuid 2, beidh feidhm ag na forálacha maidir le mí-iompar ábhartha, lena ndéantar foráil do smachtbhannaí sa chás nach gcomhoibríonn finnéithe leis.

De bharr ghlanéifeacht na gcumhachtaí reachtúla sin don Choiste agus na n-oibleagáidí sin ar an gCoiste, i gcomhar leis na cearta agus na freagrachtaí i leith finnéithe, is cuí atá Fiosrúchán de chuid Chuid 2 sa chás seo.

- **I ndáil leis an gCoiste a bheartaíonn an fiosrúchán a sheoladh, an chúis, de thoradh a orduithe tagartha láithreacha, go measann sé gur chóir dó an fiosrúchán a sheoladh**

Ba chóir Téarmaí Tagartha an Chomhchoiste Fiosrúcháin i dtaobh na Géarchéime Baincéireachta ar cheap an Dáil agus an Seanad é an 14 Bealtaine 2014 a leasú chun cur ar chumas an Choiste sin fiosrúchán de chuid Chuid 2 a sheoladh, lena n-áirítear na cumhachtaí is gá a thabhairt don Choiste le go bhféadfaidh sé an fiosrúchán a sheoladh, amhail an chumhacht chun fios a chur ar dhaoine nó chun fios a chur i ndáil le páipéir agus taifid (féach **Aguisín D** chun dréacht-Orduithe a fháil).

Tá páirt ghníomhach glactha ag na comhaltaí den Chomhchoiste sa togra iomchuí a ullmhú agus sa ní is ábhar dó agus sna haicmí daoine a bheidh mar ní is ábhar don Fhiosrúchán a bhreithniú agus a roghnú. Seachnóidh leanúnachas comhaltais moill ar an bhfiosrúchán a thosú, ar fiosrúchán é nach mór a chur i gcrích laistigh de thréimhse ama dhúshlánach.

- **I ndáil leis an gCoiste a bheartaíonn an fiosrúchán a sheoladh, na hathruithe, más ann, ar a orduithe tagartha láithreacha is gá, ina thuairim, chun go seolfadh sé an fiosrúchán**

Tá sé beartaithe gur cheart Orduithe Dháil Éireann agus Sheanad Éireann an 14 Bealtaine 2014 a leasú mar atá leagtha amach in **Aguisín D**.

¹² Féach alt 31 den Acht um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta) 2013

¹³ Féach alt 21 den Acht um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta) 2013

- **An sceideal ama a bhfuiltear ag súil lena úsáid i dtaca leis an bhfiosrúchán beartaithe, lena n-áirítear an le linn tréimhse aonair nó ina chéimeanna a bheartaítear an fiosrúchán beartaithe a sheoladh**

Titfidh dáta an tuairiscithe tráth nach déanaí ná an 30 Samhain 2015, mar atá leagtha amach i **mír (8)** de na dréacht-Orduithe um bunú an Choiste in **Aguisín D**. Tá Céimeanna an Fhiosrúcháin agus sceideal ama leagtha amach in **Aguisín B**.

- **Na hathruithe, más ann, is gá a dhéanamh, i dtuairim an Choiste a bheartaíonn an fiosrúchán a sheoladh, ar an dlí reachtúil, chun an fiosrúchán a sheoladh**

Toirmeasc ar an mBanc Ceannais faisnéis áirithe faoi rún a nochtadh

Mar atá luaite cheana (ar leathanach 8), cuirtear toirmeasc ar aicmí liostaithe daoine laistigh den Bhanc Ceannais faisnéis áirithe faoi rún a nochtadh le halt 33AK d’Acht an Bhainc Ceannais, 1942 (arna leasú). D’fhéadfadh an t-alt sin a bheith ina fhadhb, dá bhrí sin, don Fhiosrúchán baincéireachta nuair a iarrann sé an fhaisnéis sin, a d’fhéadfadh bheith ríthábhachtach maidir le dul chun cinn an Fhiosrúcháin i roinnt mhaith cásanna. Tar éis comhairle dlí a fháil faoin ábhar sin, tá an Coiste den tuairim gur gá alt 33AK a leasú chun an tsaincheist sin a shárú agus chun nochtadh a cheadú d’fhiosrúcháin pharlaiminteacha. Chomh maith leis sin, beidh sé riachtanach leasuithe coimhdeacha a dhéanamh ar an Acht um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta) 2013 agus ar na Buan-Orduithe ó Dháil Éireann agus ó Sheanad Éireann chun próiseas a chur i bhfeidhm don dóigh a ndéileálfadh Tithe an Oireachtais le faisnéis faoi rún agus chun smachtbhannaí a chur ar fáil do Chomhaltaí agus do bhaill foirne a nochtann an fhaisnéis sin gan údarú.

- **Dréacht-Rún maidir le Téarmaí Tagartha**

Féach ***Aguisín C*** le haghaidh dréachta.

Aguisín A

Creat an Fhiosrúcháin

CUSPÓIR AN FHIOSRÚCHÁIN: Fiosrúchán maidir leis na cúiseanna a raibh géarchéim chórasach bhaincéireachta áirítear na tosca agus na beartais i dtaobh cúrsaí polaitiúla, geilleagracha, sóisialta, cultúrtha, airgeadais agus tionchar acu ar an ngéarchéim nó a chuir léi, trí imscrúdú a dhéanamh maidir le nithe iomchuí a bhaineann le bhaincéireachta, córais agus cleachtais rialaitheacha agus mhaoirseachta, córais bhainistithe géarchéime, agus na hathchóirithe coisctheacha a cuireadh i bhfeidhm d'aithle na géarchéime.

CÉIM AN FHIOSRÚCHÁIN: COMHTHÉACS

TUARASCÁLACHA ROIMHE SEO AR GHÉARCHÉIM BAINCÉIREACHTA NA HÉIREANN


AN COMHTHÉACS IDIRNÁISIÚNTA, COMHTHÉACS AE AGUS AN COMHTHÉACS A BHAINNEANN LE BEARTAS BAILE, LENA nÁIRÍTEAR TUARASCÁLACHA Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA FAIREACHÁIN

CAIDRIMH IDIR ÚDARÁIS STÁIT, PÁIRTITHE POLAITÍOCHTA, IONADAITHE TOFA, ÚDARÁIS MHAOIRSEACHTA, FORAIS BHAINCÉIREACHTA AGUS AN EARNÁIL MAOINE

RÉAMHRABHAIDH, TUAIRIMÍ ÉAGSÚLA AGUS CONTRÁRTHA

RÓL NA MEÁN CUMARSÁIDE

CÉIM AN FHIOSRÚCHÁIN: AN NASC



Aguisín B: Plean agus céimeanna an fhiosrúcháin

	2014			2015										
	DF	SAMH.	NOLL.	EAN.	FEABH.	MÁRTA	AIB.	BEAL.	MEITH.	IÚIL	LÚN.	MF	DF	SAMH.
CÉIM AN CHOMHTHÉACS														
Ullmhúchán	█													
Éisteachtaí poiblí		█	█	█										
Tuarascáil an chomhthéacs					█									
CÉIM AN NAISC														
Imscrúdú	█			█										
Éisteachtaí poiblí								█				█		
Tuarascáil deiridh														█

Aguisín C: Dréacht-Rún maidir le Téarmaí Tagartha

- (1) Déanfaidh an Comhchoiste Fiosrúcháin i dtaobh na Géarchéime Baincéireachta arna cheapadh le hOrdú an **[dáta]** ó Dháil Éireann agus le hOrdú an **[dáta]** ó Sheanad Éireann fiosrúchán a sheoladh faoi alt 7 den Acht um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta) 2013 (dá ngairtear “Acht 2013” anseo ina dhiaidh seo) de réir an Rúin seo maidir le Téarmaí Tagartha.
- (2) Is é ábhar an fhiosrúcháin fiosrú a dhéanamh maidir leis na cúiseanna a raibh géarchéim chórasach bhaincéireachta in Éirinn, lena n-áirítear na tosca agus na beartais i dtaobh cúrsaí polaitiúla, geilleagracha, sóisialta, cultúrtha, airgeadais agus iompraíochta, a raibh tionchar acu ar an ngéarchéim nó a chuir léi, trí imscrúdú a dhéanamh maidir le nithe iomchuí a bhaineann le córais agus cleachtais bhaincéireachta, córais agus cleachtais rialaitheacha agus mhaoirseachta, córais bhainistithe géarchéime, agus freagairtí beartais agus na hathchóirithe coisctheacha a cuireadh i bhfeidhm d’aithle na géarchéime.
- (3) Le linn an fhiosrúcháin a sheoladh, maidir leis an gComhchoiste –
 - (a) féadfaidh sé imscrúdú agus grinnscrúdú a dhéanamh ar ghníomhartha foras baincéireachta, agus údarás atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar na forais sin agus as dlíthe maidir leis an maoirseacht sin, de réir mar atá leagtha amach sa Sceideal a ghabhann leis an Rúin seo; agus
 - (b) beidh aird aige ar an gcomhthéacs baile agus idirnáisiúnta maidir leis an ngéarchéim bhaincéireachta agus maidir leis an bhfiosrúchán agus féadfaidh sé fiosrú a dhéanamh maidir leis na nithe seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:
 - i. fionnachtana agus moltaí tuarascálacha roimhe sin ar an ngéarchéim, faoi cibé ar cuireadh i ngníomh iad, agus má cuireadh, a n-éifeachtacht agus a dtionchar fadtéarmach;
 - ii. caidrimh idir údaráis Stáit, páirtithe polaitíochta, ionadaithe tofa, údaráis mhaoirseachta, forais bhaincéireachta agus an earnáil maoine, agus
 - iii. freagairtí ar réamhrabhaidh faoin ngéarchéim a bhí le teacht agus na tuairimí éagsúla nó contrártha ar an gcomhdhearcaidh a bhí i réim.

iv. ról na meán cumarsáide.

- (4) Is de réir mar a shonraítear i gCuid A den Sceideal a ghabhann leis an Rún seo a bheidh na nithe a fhéadfaidh teacht faoi réim an fhiosrúcháin.
- (5) Is de réir mar a shonraítear i gCuid B den Sceideal a ghabhann leis an Rún seo a bheidh na haicmí daoine lena mbaineann na nithe a fhéadfaidh teacht faoi réim an fhiosrúcháin.
- (6) Is í an tréimhse ama le haghaidh an fhiosrúcháin an 1 Eanáir 1992 go dtí an 31 Nollaig 2013.
- (7) Is é an tAontas Eorpach agus dlínsí iomchuí eile an suíomh chun críocha an fhiosrúcháin.
- (8) Beidh an chumhacht ag an gComhchoiste fios a chur ar dhaoine nó fios a chur i ndáil le páipéir agus taifid faoi Bhuan-Ordú 83(2A) ó Dháil Éireann agus/nó faoi Bhuan-Ordú 71(2A) ó Sheanad Éireann agus/nó de bhun chuid 6 d'Acht 2013 agus, go háirithe, ailt 67, 68, 70, 72 agus 73 den Acht sin.
- (9) Féadfaidh an Comhchoiste fiosrú a dhéanamh maidir le nithe, daoine agus tréimhsí ama i dteannta na nithe, na ndaoine agus na dtréimhsí ama sin a shonraítear sa Rún seo, go heisiatach i gcás go measfaidh an Coiste go mbaineann siad go díreach le hábhar an fhiosrúcháin mar a leagtar amach i míreanna (2) agus (3) é, agus sa chás sin amháin.
- (10) Beidh ag an gComhchoiste na cumhachtaí dá dtagraítear in alt 7(1)(c) agus (d)(i) agus (ii) d'Acht 2013 agus féadfar aon chinntí fíorais a dhéantar san Fhiosrúchán seo de chuid Chuid 2 a úsáid i bhFiosrúcháin eile de chuid Chuid 2.
- (11) Féadfaidh an Comhchoiste a chinneadh, maidir le haon ní i ndáil le córais, cleachtais, nósanna imeachta nó beartas nó socruithe maidir le cur i ngníomh beartais, gur ar shlí eile ba chóir é a sheoladh de réir alt 17(3) d'Acht 2013.
- (12) Féadfaidh an Comhchoiste, de réir alt 17(3)(b) d'Acht 2013, moltaí a dhéanamh a eascraíonn as aon chinntí fíorais, agus féadfar a áireamh ar na moltaí sin moltaí le haghaidh athrú reachtaíochta agus le haghaidh reachtaíocht nua.

AN SCEIDEAL

Cuid A: Nithe a fhéadfaidh teacht faoi réim an fhiosrúcháin

Iompar, teagmhais, gníomhaíochtaí, imthosca, córais, cleachtais, nósanna imeachta a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

An Comhthéacs

1. Fionnachtana agus moltaí tuarascálacha roimhe seo ar ghéarchéim bhaincéireachta na hÉireann.
2. An comhthéacs idirnáisiúnta, comhthéacs AE agus an comhthéacs a bhaineann le beartas baile, lena n-áirítear príomhchinntí tuarascálacha ó ghníomhaireachtaí idirnáisiúnta faireacháin.
3. Caidrimh idir údaráis Stáit, páirtithe polaitíochta, ionadaithe tofa, údaráis mhaoirseachta, forais bhaincéireachta agus an earnáil maoinne.
4. Réamhrabhaidh, tuairimí éagsúla agus contrártha.
5. Ról na meán cumarsáide.

Córais agus cleachtais bhaincéireachta

6. Rialachas Corparáideach agus an tSamhail Ghnó.
7. Beartas Iasachta agus Rialú Creidmheasa.
8. Bainistiú Priacal (lena n-áirítear Iniúchadh Inmheánach, Coistí Iniúchta).
9. Bainistiú Cistithe agus Leachtaíochta.
10. Tuarascálacha agus Cumarsáidí maidir le hIniúchadh Seachtrach.
11. Luach saothair an Bhoird agus na bhfeidhmeannach.

Córais agus cleachtais Rialaitheacha agus Mhaoirseachta

12. Struchtúr agus seoladh Córas Rialaitheach agus Maoirseachta.
13. Faireachán agus maoirseacht ar an Tionscal Airgeadais, lena n-áirítear forfheidhmiú.
14. Ról an Bhainc Ceannais, lena n-áirítear Cobhsaíocht Airgeadais.
15. Ról na Roinne Airgeadais.
16. Ról agus tionchar Eagraíochtaí Idirnáisiúnta.
17. Ról Thithe an Oireachtais.

Córais bhainistithe géarchéime agus freagairtí beartais

18. Socruithe Bainistithe Géarchéime sa tréimhse díreach roimh an mbreith i dtaobh Ráthaíochta agus dá éis sin.

19. Breith an 30 Meán Fómhair 2008 i dtaobh Rátháíocht Bainc, lena n-áirítear sa tréimhse díreach roimpi agus na breitheanna a tugadh maidir lena cur i ngníomh dá éis sin.
20. Freagairtí díreacha beartais don ghéarchéim, lena n-áirítear an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, náisiúnú bainc, athchaipitliú, úsáid an Chúnamh Leachtaíochta Éigeandála, Leachtú Speisialta CÉRB, saincheist na nótaí gealltanais agus clár cúnaimh AE-CAI.
21. Bearta reachtacha agus rialaitheacha – náisiúnta agus AE – a rinneadh ó bhí an ghéarchéim ann, go háirithe maidir le réiteach bainc agus le tosaíocht creidiúnaithe.
22. Tionchar na géarchéime baincúireachta ar chreidiúnaithe bainc, lena n-áirítear aon iarrachtaí chun comhroinnt ualaigh a bhaint amach le creidiúnaithe agus ról agus tionchar an Bhainc Ceannais Eorpaigh maidir leis an tsaincheist arb éard í comhroinnt ualaigh le creidiúnaithe.

Cuid B: Aicmí daoine lena mbaineann na nithe i gCuid A¹⁴

1. Daoine¹⁵ atá ar fostú nó ar conradh ag –
 - (a) forais chreidmheasa a shonraítear le hOrdú ón Aire Airgeadais de bhun alt 6 den Acht um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) 2008, lena n-áirítear: Cathaoirligh, Príomhfheidhmeannaigh, comhaltaí boird, agus feidhmeannaigh agus comhairleoirí iomchuí eile, ach gan a bheith teoranta dóibh sin;
 - (b) forais chreidmheasa eile arna gceadúnú ag an mBanc Ceannais oibriú laistigh den Stát, lena n-áirítear: Cathaoirligh, Príomhfheidhmeannaigh, comhaltaí boird, agus feidhmeannaigh agus comhairleoirí iomchuí eile, ach gan a bheith teoranta dóibh sin.
2. Daoine a fuair iasachtaí tráchtála, lena n-áirítear le haghaidh maoin tráchtála, ó na forais chreidmheasa a thagann faoi réim an Sceidil seo.
3. Iniúcháirí seachtracha le haghaidh forais chreidmheasa a thagann faoi réim an Sceidil seo.
4. An Banc Ceannais: Gobharnóirí, Stiúrthóirí, Ard-Stiúrthóirí, Stiúrthóirí Críonnachta, comhaltaí boird, bainisteoirí agus comhairleoirí iomchuí.

¹⁴ D'fhonn amhras a sheachaint, tá na haicmí daoine atá liostaithe faoi réir an phrionsabail ghinearálta nach nglaofar mar fhinné aon duine in aon eagraíocht atá liostaithe i gcás nach mbaineann siad le hábhar an fhiosrúcháin. Ina theannta sin, ba cheart a léirmhíniú go gcuimsítear leis na haicmí agus na daoine atá luaite sa liosta seo aon daoine atá ar iasacht nó atá in aon chineál eile d'fhostaíocht neamhthipiciúil maidir leis an ról nó eagraíocht atá i gceist agus aon daoine a bhí sa ról nó eagraíocht sin roimhe laistigh de thréimhse ama an fhiosrúcháin (is é sin, 1.1.1992 go 31.12.2013).

¹⁵ Go háirithe, faoi réir alt 71 (c) den Acht um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta) 2013.

5. Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann /An Rialtóir Airgeadais: Cathaoirligh, Príomhfheidhmeannaigh, comhaltaí den Údarás, agus bainisteoirí agus comhairleoirí iomchuí.
6. Comhaltaí den Bhuanghrúpa Baile¹⁶.
7. An Chomh-Aireacht¹⁷: Comhaltaí den Chomh-Aireacht, Ard-Aighní, agus comhairleoirí don Rialtas.
8. Roinn an Taoisigh: Ard-Rúnaithe, Rúnaithe Cúnta iomchuí, oifigigh iomchuí eile agus comhairleoirí speisialta.
9. An Roinn Airgeadais: Ard-Rúnaithe, Fo-Rúnaithe, Rúnaithe Cúnta iomchuí, oifigigh iomchuí eile agus comhairleoirí speisialta.
10. Comhaltaí de Thithe an Oireachtais, comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa agus comhaltaí d'Údaráis Áitiúla.
11. Páirtithe Polaitíochta: Ard-Rúnaithe, Oifigigh ar leibhéal Náisiúnta agus oifigigh iomchuí eile.
12. An Banc Ceannais Eorpach: An tUachtarán agus oifigigh iomchuí.
13. ECOFIN agus a chomhchomhlachtaí, lena n-áirítear an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais¹⁷, ach gan a bheith teoranta dó sin.
14. Daoine iomchuí atá ar fostú nó ar conradh ag an gCoimisiún Eorpach.
15. Daoine iomchuí faoi réim sásraí cuspóra speisialta chun déileáil leis an ngéarchéim ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear an tSaoráid Chobhsaíochta Airgeadais Eorpach (SaorCAE) agus an Sásra Cobhsaíochta Eorpach (SCE), ach gan a bheith teoranta dóibh sin.
16. Daoine iomchuí atá ar fostú nó ar conradh ag an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta.
17. An Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní: An Cathaoirleach, an Príomhfheidhmeannach agus oifigigh iomchuí eile.
18. Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta: An Príomhfheidhmeannach agus oifigigh iomchuí eile.
19. An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean: An Príomhfheidhmeannach agus oifigigh iomchuí eile.
20. Daoine a léirigh tuairimí éagsúla nó contrártha, lena n-áirítear daoine a bhí ar fostú nó ar conradh ag na forais chreidmheasa a thagann faoi réim an Sceidil seo, ag an mBanc Ceannais, ag Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann/ag an Rialtóir Airgeadais agus ag an Roinn Airgeadais.
21. Na Meáin Chumarsáide: Eagarthóirí Sinsearacha, Comhaltaí Boird agus Rialaitheoirí Airgeadais in eagraíochtaí meán cumarsáide.

¹⁶ Féadfaidh sé sin forlú le daoine atá luaite i míreanna 4, 5 agus 9.

¹⁷ Go háirithe, faoi réir alt 71 (a) agus (b) den Acht um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta) 2013.

22. Sealbhóirí Sóisearacha agus Sinsearacha Bannaí de chuid forais chreidmheasa a thagann faoi réim an Sceidil seo.
23. Aon daoine iomchuí eile, go heisiatach i gcás go measfaidh an Comhchoiste go mbaineann na daoine sin go díreach le hábhar an fhiosrúcháin, agus sa chás sin amháin.

Aguisín D: Rúin chun Orduithe Tagartha an Choiste a Leasú

DÁIL ÉIREANN

Go ndéanfar, d'ainneoin aon ní sna Buan-Orduithe, Ordú an 14 Bealtaine 2014 ón Dáil, a bhaineann leis an gComhchoiste Fiosrúcháin i dtaobh na Géarchéime Baincéireachta, a leasú–

(a) i mír (1) trí na focail “, ag féachaint d’alt 12 den Acht um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta) 2013 agus do Bhuan-Ordú 107C,” a scriosadh; agus

(b) trí na focail go léir ó “d’fhonn togra iomchuí a fhorbairt” i mír (1) síos go dtí na focail “a chinnfidh an Comhchoiste” i mír (5) agus na focail sin san áireamh, a scriosadh agus an méid seo a leanas a chur ina n-ionad:

“chun fiosrúchán a sheoladh de réir bhrí alt 7 den Acht um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta) 2013 de réir agus faoi réir an Rúin maidir le Téarmaí Tagartha don fhiosrúchán”: agus

(c) trí na míreanna seo a leanas a chur leis:

(2) Beidh Téarmaí Tagartha an Chomhchoiste mar a bheidh leagtha amach i Rún an **[dáta]** ón Dáil maidir le Téarmaí Tagartha don Fhiosrúchán.

(3) Beidh seachtar (7) comhaltaí ar an Roghchoiste, agus díobh sin –

(a) d'ainneoin Bhuan-Ordú 90, is é a bheidh ina Chathaoirleach ar an Roghchoiste an Teachta Ciarán Lynch; agus

(b) is iad comhaltaí eile an Roghchoiste na Teachtaí Pearse Doherty, Joe Higgins, Michael McGrath, Eoghan Murphy, Kieran O'Donnell agus John Paul Phelan, agus ní bheidh feidhm le forálacha Bhuan-Orduithe 92(2) agus (3).

(4) Beidh Cathaoirleach an Roghchoiste ina Chathaoirleach ar an gComhchoiste.

- (5) Cúigear (5) is córam don Chomhchoiste, ar comhalta de Sheanad Éireann duine amháin díobh ar a laghad, agus ní mór don chóram sin a bheith i láthair i rith chruinnithe uile an Choiste.
- (6) Beidh ag an gComhchoiste na cumhachtaí a leagtar amach i mBuan-Ordú 83(1), (2), (2A) (faoi réir an Rúin maidir le Téarmaí Tagartha don fhiosrúchán a chomhaontú), (3), (4), (5), (7), (8) agus (9).
- (7) Beidh ag an gComhchoiste an chumhacht chun daoine a ainmniú chun cuidiú leis ina phléití; agus beidh na daoine sin i láthair ag cruinnithe de réir mar a chinnfidh an Comhchoiste.
- (8) Tuairisceoidh an Comhchoiste de bhun Bhuan-Ordú 107G do dhá Theach an Oireachtais tráth nach déanaí ná an 30 Samhain 2015, agus ní bheidh feidhm le Buan-Ordú 86.

SEANAD ÉIREANN

Go ndéanfar, d'ainneoin aon ní sna Buan-Orduithe, Ordú an 14 Bealtaine 2014 ón Seanad, a bhaineann leis an gComhchoiste Fiosrúcháin i dtaobh na Géarchéime Baincéireachta, a leasú-

(a) i mír (1) trí na focail “, ag féachaint d’alt 12 den Acht um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta) 2013 agus do Bhuan-Ordú 103C,” a scriosadh; agus

(b) trí na focail go léir ó “d’fhonn togra iomchuí a fhorbairt” i mír (1) síos go dtí na focail “a chinnfidh an Comhchoiste” i mír (5) agus na focail sin san áireamh, a scriosadh agus an méid seo a leanas a chur ina n-ionad:

“chun fiosrúchán a sheoladh de réir bhrí alt 7 den Acht um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta) 2013 de réir agus faoi réir an Rúin maidir le Téarmaí Tagartha don fhiosrúchán”: agus

(c) trí na míreanna seo a leanas a chur leis:

(2) Beidh Téarmaí Tagartha an Chomhchoiste mar a bheidh leagtha amach i Rún an **[dáta]** ón Seanad maidir le Téarmaí Tagartha don Fhiosrúchán.

(3) Is iad an ceathrar (4) comhaltaí seo a leanas a bheidh ar an Roghchoiste:

Na Seanadóirí Seán D. Barrett, Michael D'Arcy, Marc MacSharry agus Susan O'Keeffe,
agus ní bheidh feidhm le forálacha Bhuan-Orduithe 80(1) agus (2).

- (4) Beidh Cathaoirleach an Roghchoiste ina chomhalta de Dháil Éireann.
- (5) Cúigear (5) is córam don Chomhchoiste, ar comhalta de Sheanad Éireann duine amháin díobh ar a laghad, agus ní mór don chóram sin a bheith i láthair i rith chruinnithe uile an Choiste.
- (6) Beidh ag an gComhchoiste na cumhachtaí a leagtar amach i mBuan-Ordú 71(1), (2), (2A) (faoi réir an Rúin maidir le Téarmaí Tagartha don fhiosrúchán a chomhaontú), (3), (4), (5), (7), (8) agus (9).
- (7) Beidh ag an gComhchoiste an chumhacht chun daoine a ainmniú chun cuidiú leis ina phléití; agus beidh na daoine sin i láthair ag cruinnithe de réir mar a chinnfidh an Comhchoiste.
- (8) Tuairisceoidh an Comhchoiste de bhun Bhuan-Ordú 103L do dhá Theach an Oireachtais tráth nach déanaí ná an 30 Samhain 2015, agus ní bheidh feidhm le Buan-Ordú 75."

AGUISÍN E

COMHALTAÍ DEN CHOMHCHOISTE

Cathaoirleach: Ciarán Lynch (Cathaoirleach) (Páirtí an Lucht Oibre)

Teachtaí: Pearse Doherty (Sinn Féin)
Joe Higgins (Neamhspleách)
Michael McGrath (Fianna Fáil)
Eoghan Murphy (Fine Gael)
Kieran O'Donnell (Fine Gael)
John Paul Phelan (Fine Gael)

Seanadóirí: Seán Barrett (Neamhspleách)
Michael D'Arcy (Fine Gael)
Marc MacSharry (Fianna Fáil)
Susan O'Keeffe (Páirtí an Lucht Oibre)

Nótaí:

1. *Ba le hOrdú an 14 Bealtaine 2014 ón Dáil a ceapadh Teachtaí chun an Choiste.*
2. *Ba le hOrdú an 12 Meitheamh 2014 ón Seanad a ceapadh Seanadóirí chun an Choiste.*
3. *Ba le hOrdú an 18 Meitheamh 2014 ón Dáil a ceapadh an Teachta Joe Higgins chun an Choiste (in ionad an Teachta Stephen Donnelly).*

CRUINNITHE AN CHOMHCHOISTE

1. 19 Meitheamh 2014
2. 25 Meitheamh 2014
3. 2 Iúil 2014
4. 9 Iúil 2014
5. 23 Iúil 2014
6. 17 Meán Fómhair 2014
7. 24 Meán Fómhair 2014

AGUISÍN F: BUAN-ORDÚ 107C

Is i mBuan-Ordú 107C¹⁸ a sholáthraítear an ní nach mór an “togra iomchuí” a thabhairt air:

“107C. Maidir le togra iomchuí faoi Bhuan-Ordú 107A(2), a mhéid is indéanta, beidh ann na nithe seo a leanas nó díreofar ann ar na nithe seo a leanas—

- (a) an cineál fiosrúcháin de chuid Chuid 2 atá beartaithe de bhun ailt 7 go 11, go huile, den Acht um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta) 2013;
- (b) an ní nó na nithe is ábhar don fhiosrúchán beartaithe, chun a shonrú, a mhéid is indéanta, an t-iompar, na teagmhais, na gníomhaíochtaí, na himthosca, na córais, na cleachtais nó na nósanna imeachta a bheidh le fiosrú, lena n-áirítear—
 - i. na dátaí a tharla, nó na tréimhsí ar lena linn a tharla an t-iompar nó na teagmhais, ná dátaí a gabhadh de láimh nó na tréimhsí ar lena linn a gabhadh de láimh na gníomhaíochtaí, na dátaí a d’eascair nó na tréimhsí ar lena linn a d’eascair na himthosca, nó na dátaí a bhí, nó na tréimhsí ar lena linn a bhí na córais, na cleachtais nó na nósanna imeachta i ngníomh,
 - ii. an áit nó an ceantar inar tharla an t-iompar nó na teagmhais, inar gabhadh de láimh na gníomhaíochtaí, inar eascair na himthosca, nó ina raibh na córais, na cleachtais nó na nósanna imeachta i ngníomh, agus
 - iii. na daoine lena mbaineann an t-iompar nó na teagmhais sin, na gníomhaíochtaí nó na himthosca sin, nó na daoine a bhfuil a ngníomhaíochtaí, a gcórais, a gcleachtais nó a nósanna imeachta le fiosrú;
- (c) an amhlaidh go mbaineann an ní nó na nithe le feidhm de chuid na Dála;
- (d) an chúis gur chóir gurbh ábhar d’fhiosrúchán de chuid Chuid 2 an ní nó na nithe, seachas é nó iad a scrúdú trí fhoirmeacha eile d’imscrúdú parlaiminteach;
- (e) i ndáil leis an gCoiste a bheartaíonn an fiosrúchán a sheoladh—
 - i. an chúis, de thoradh a orduithe tagartha láithreacha, go measann sé gur chóir dó an fiosrúchán a sheoladh, nó
 - ii. na hathruithe, más ann, ar a orduithe tagartha láithreacha is gá, ina thuairim, chun go seolfaidh sé an fiosrúchán;
- (f) an sceideal ama a bhfuiltear ag súil lena úsáid i dtaca leis an bhfiosrúchán beartaithe, lena n-áirítear an le linn tréimhse aonair nó ina chéimeanna a bheartaítear an fiosrúchán beartaithe a sheoladh;

¹⁸ Is é Buan-Ordú 103H de na Buan-Orduithe a bhaineann le Gnó Poiblí Sheanad Éireann an buanordú coibhéiseach do Sheanad Éireann.

(g) na hathruithe, más ann, is gá a dhéanamh, i dtuairim an Choiste a bheartaíonn an fiosrúchán a sheoladh, ar an dlí reachtúil, chun an fiosrúchán a sheoladh;

(h) dréacht-Rún maidir le Téarmaí Tagartha á rá, *inter alia*, maidir leis an gCoiste a bheartaíonn an fiosrúchán a sheoladh, le linn dó é a sheoladh, an amhlaidh—

- i. go mbeartaíonn sé cinntí fórais a dhéanamh, lena n-áirítear cinntí fórais a d'fhéadfadh cur i gcoinne dea-chlú duine (ag brath ar chineál an fhiosrúcháin atá beartaithe), nó i ndáil le mí-iompar iomchuí,
- ii. go mbeartaíonn sé moltaí a dhéanamh ag eascairt as na nithe seo a leanas—
 - I. a chinntí fórais, nó
 - II. na cinntí fórais arna ndéanamh ag Coiste eile le linn fiosrúchán eile de chuid Chuid 2 a sheoladh má luaitear go sainráite sna téarmaí tagartha don fhiosrúchán eile sin de chuid Chuid 2 go bhféadfar a chinntí fórais a úsáid i bhfiosrúcháin eile de chuid Chuid 2,
- iii. go mbeartaíonn sé go bhféadfaidh Coiste eile a chinntí fórais, más ann, a úsáid le linn fiosrúchán eile de chuid Chuid 2 a sheoladh,
- iv. go bhfuil nó go mbeidh an chumhacht aige chun fios a chur ar dhaoine nó chun fios a chur i ndáil le páipéir agus taifid;

agus

(i) cibé nithe eile i ndáil leis an bhfiosrúchán beartaithe is cuí leis an gCoiste um Nós Imeachta agus Pribhléidí.